# MEALLADH NA MEÁN

## MODÚL 3:

# FÍRIC NÓ BRÉAG?

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEOMRA RANGA

Coimisiún na Meán

# GNÍOMHAÍOCHT #1

# 'FÍRICI' FÁNACHA

**Ceapann an-chuid daoine go bhfuil na ráitis seo thíos ar eolas acu cheana féin. Mura bhfuil tú cinnte faoin bhfocal atá ar lár, bog ar aghaidh go dtí an chéad 'fhíric' eile.**


**Fíric is ea rud is féidir a chruthú nó a bhréagnú le fianaise.**

**Líon isteach an focal nó na focail atá ar lár i ngach abairt, gan iad a phlé le do chomhdhaltaí.**


1. Ní úsáidtear ach ___________% den inchinn.



2. Tá cuimhne ___________ shoicind ag iasc órga.
3. Ní bhuaileann tintreach an áit chéanna faoi ___________ riamh.
4. Is féidir Balla Mór na Síne a fheiceáil ón ___________.
5. Bhíodh ___________ ar chlogaid na Lochlannach.
6. Cuireann an dath ___________ fearg ar thairbh.



7. Bíonn páistí ___________ i ndiaidh dóibh siúcra a ithe.
8. Má bhaineann tú smeach as do chuid alt, tiocfaidh ___________ ort.
9. Tá ___________ chéadfa againn.
10. Cuireann cairéid feabhas ar an ___________ istoíche.



Agus tú críochnaithe, roinn do chuid freagraí le do leathbhádóir nó le do ghrúpa.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #1

# ‘FÍRICI’ FÁNACHA

## ANOIS STOP AGUS SMAOINIGH

Is dócha gur líon tú an chuid is mó de na bearnaí sin, nó na bearnaí go léir, gan stró agus go muiníneach. Is í an fhírinne shearbh ná go bhfuil gach ceann de na ‘fíricí’ fánacha sin BRÉAGACH.

Ní raibh na freagraí ar eolas agat mar gheall go bhfuil siad fíor ach mar gheall go bhfuil siad cloiste agat chomh minic sin go bhfuil siad daingean i do chuimhne. Sin an chaoi a scaiptear eolas bréagach – athrá, seachas fianaise.

**SMAOINIGH FAOI**

1. Cé chomh héasca is a bhí sé na focail a bhí ar lár a líonadh isteach? An raibh ort smaoineamh go crua, nó ar tháinig na freagraí chugat gan smaoineamh?

________________________________________________

2. Cár chuala tú na ‘fíricí’ sin ar dtús, an dóigh leat? Mar shampla, ó chairde, ó do theaghlach, ar an teilifís, ar na meáin shóisialta nó áit éigin eile?

________________________________________________

________________________________________________

3. Cén fáth, an dóigh leat, a scaiptear eolas mar sin go forleathan agus a nglactar leis go bhfuil sé fíor?

________________________________________________

________________________________________________

4. Chreid tú na smaointe sin mar go raibh siad cloiste agat chomh minic sin roimhe seo. An dóigh leat go bhfuil sé cothrom locht a chur ar dhuine as na smaointe sin a chreidiúint? Mínigh do fhreagra

________________________________________________

________________________________________________

5. Cad a mhúineann an ghníomhaíocht seo duit faoi fhíricí a sheiceáil sula nglacann tú leis an eolas nó sula roinneann tú é?

________________________________________________

________________________________________________

**CUIMHNIGH**

Fiú má chreideann gach duine rud éigin, ní fhágann sin go bhfuil sé fíor. Scaiptear eolas bréagach ar a lán cúiseanna, athrá seachas fianaise san áireamh. Sin an fáth a bhfuil STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL tábhachtach. Cuir ceist ort féin i gcónaí: an fíric é seo i ndáiríre, nó an rud é a bhíonn á rá ag daoine arís agus arís eile go díreach?

©News Mag Media 2026


## GNÍOMHAÍOCHT #2

# CUMADÓIREACHT CEANNLÍNTE

**Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bhfíorimeacht céanna ar bhealaí an-éagsúil. An aidhm atá le roinnt ceannlínte ná eolas a chur ar fáil. An aidhm atá le cinn eile ná aird a tharraingt – fiú amháin dá mbeadh an léamh mícheart ag daoine ar an scéal dá mbarr.**

**AN FÍORSCÉAL**

Léigh an tuairisc ghearr nuachta thíos.



**Eamon Murphy, Eagarthóir Siamsaíochta**

Chonacthas an réalta idirnáisiúnta Daithí Ó Dathúil agus é ag fágáil bhainis a dheirfféar le linn an fhéasta.

D'fhág sé chun páirt a ghlacadh i nglao Zoom le leantóir atá tinn san ospidéal. Bhí sé róghlórach don ghlao ag an bhféasta agus d'fhill sé air cúpla nóiméad níos déanaí.

Bhí tuismitheoirí an leantóra óig an-bhuíoch de Dhaithí as a chuid ama agus cineáltais.

**AN TASC**

Tá tú chun dhá cheannlíne éagsúla a scríobh faoin bhfíorscéal céanna.

**LEID: Cad atá ag teastáil chun ceannlíne mhaith, chruinn a scríobh?**

Bíonn freagraí ar na príomhcheisteanna i gceannlínte cruinne:

- CÉ faoi an scéal?
- CAD a tharla?
- CÉN FÁTH ar tharla sé?

*Bíonn teanga shocair, fhíorasach in úsáid gan dráma ná áibhéil.*


©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #2

## CUID 1 – AN CHEANNLÍNE CHRUINN

**Scríobh ceannlíne atá <u>soiléir</u>, atá <u>cothrom</u> agus <u>nach ndéanann áibhéil</u>**

Scríobh do cheannlíne chruinn sa bhosca thíos:



**Eamon Murphy, Eagarthóir Siamsaíochta**

Chonacthas an réalta idirnáisiúnta Daithí Ó Dathúil agus é ag fágáil bhainis a dheirfear le linn an fhéasta.

D'fhág sé chun páirt a ghlacadh i nglao Zoom le leantóir atá tinn san ospidéal. Bhí sé róghlórach don ghlao ag an bhféasta agus d'fhill sé air cúpla nóiméad níos déanaí.


Bhí tuismitheoirí an leantóra óig an-bhuíoch de Dhaithí as a chuid ama agus cineáltais.

## CUID 2 – AN CHEANNLÍNE CHLICMHEALLTA

Is éard is clicmhealladh ann ná ceannlíne atá drámatúil nó práinneach agus a scríobhtar chun aird a tharraingt, fiú amháin dá bhfágfadh sin go mbeadh an léamh mícheart ag daoine ar an bhfíorscéal.

Anois, scríobh ceannlíne chlicmheallta a dhéanann **<u>iarracht aird a tharraingt</u>, <u>atá drámatúil nó práinneach</u>**, **<u>a chuirfeadh daoine amú,</u>** ach atá go fóill bunaithe ar an bhfíorimeacht céanna.

Scríobh do cheannlíne chlicmheallta sa bhosca thíos:



**Eamon Murphy, Eagarthóir Siamsaíochta**

Chonacthas an réalta idirnáisiúnta Daithí Ó Dathúil agus é ag fágáil bhainis a dheirfear le linn an fhéasta.

D'fhág sé chun páirt a ghlacadh i nglao Zoom le leantóir atá tinn san ospidéal. Bhí sé róghlórach don ghlao ag an bhféasta agus d'fhill sé air cúpla nóiméad níos déanaí.

Bhí tuismitheoirí an leantóra óig an-bhuíoch de Dhaithí as a chuid ama agus cineáltais.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #2

# LÉARGAS BREISE

**Cuir líne faoi na focail mhíthreoracha i do cheannlíne chlicmheallta nó cuir ciorcal timpeall orthu.**

**STOP AGUS SMAOINIGH**

1. Cén cheannlíne a spreagfadh níos mó daoine le cliceáil uirthi? Cén fáth?

2. Ar athraigh tú na fíricí, nó an teanga go díreach? Mínigh.

3. Cén chaoi a mothódh daoine dá léifidís an cheannlíne chlicmheallta amháin?

4. Cén fáth a roghnaíonn roinnt daoine nó suíomhanna gréasáin ceannlínte mar sin a úsáid, an dóigh leat? (Mar shampla: aird, airgead, tionchar)

**MACHNAMH**

**Tá an dá cheannlíne bunaithe ar an bhfíorscéal céanna.**

1. Mura bhfeicfeadh daoine ach an cheannlíne chlicmheallta amháin, cad a d’fhéadfaidís a chreidiúint?

2. Cén chaoi a bhféadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar an muinín atá ag daoine sa nuacht nó sna meáin?

**CUIMHNIGH**

Ní bhaineann ábhar míthreorach i gcónaí le bréaga. Is minic a bhíonn **áibhéil ann**, teanga mhothúchánach ann **nó** príomhshonraí ar lár. Má thuigeann tú an bealach a gcruthaítear meáin mhíthreoracha, cabhróidh sin leat iad a aithint nuair a fheiceann tú iad.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #3

# MÍFHAISNÉIS NÓ BRÉAGAISNÉIS?

Níl gach eolas bréagach mar an gcéanna.

| | |
|---|---|
| Is éard is mífhaisnéis ann ná eolas bréagach a roinneann daoine agus gan a fhios acu go bhfuil sé bréagach. | Is éard is bréagaisnéis ann ná eolas bréagach a roinneann daoine agus fios acu go bhfuil sé bréagach. |

Uaireanta, ní bhíonn an t-eolas bréagach ar chor ar bith.

**AN TASC**

Léigh gach cás go cúramach. Cuir tic sa bhosca ceart.

**Cás 1**

Roinn dalta teachtaireacht i gcomhrá grúpa ranga a deir go ndúnfar an scoil go luath amárach. Cheap an dalta go raibh an teachtaireacht fíor, ach mar a tharlaíonn, bhí sé mícheart.

☐ **Mífhaisnéis** ☐ **Bréagaisnéis** ☐ **Níl an t-eolas bréagach**

Mínigh do rogha:

---

Ar roinneadh é d'aon turas chun daoine a chur amú? ☐ Roinneadh ☐ Níor roinneadh

**Cás 2**

Phostáil suíomh gréasáin ceannlíne dhrámatúil d'aon turas a dhéanann áibhéil faoi scéal chun cliceanna agus airgead fógraíochta a mhealladh. Tá a fhios ag na daoine ar leo an suíomh gréasáin go bhfuil an cheannlíne míthreorach.

☐ **Mífhaisnéis** ☐ **Bréagaisnéis** ☐ **Níl an t-eolas bréagach**

Mínigh do rogha:

---

An raibh duine ar bith ag iarraidh tionchar a imirt, bob a bhualadh nó brabús a dhéanamh? ☐ Bhí ☐ Ní raibh

**Cás 3**

Roinn duine éigin fíorghrianghraf ar líne, ach chuir foscríbhinn leis a athraíonn brí an ghrianghraif

☐ **Mífhaisnéis** ☐ **Bréagaisnéis** ☐ **Níl an t-eolas bréagach**

Mínigh do rogha:

---

Ar athraíodh an t-eolas d'aon turas? ☐ Athraíodh ☐ Níor athraíodh

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #3

**Cás 4**
Tá tuairisc ar shuíomh gréasáin nuachta gur cuireadh cluiche spóirt ar ceal tar éis seiceáil leis an lucht eagraithe.

☐ **Mífhaisnéis** ☐ **Bréagaisnéis** ☐ **Níl an t-eolas bréagach**

Mínigh do rogha:

---

Ar seiceáladh an t-eolas sular roinneadh é? ☐ Seiceáladh ☐ Níor seiceáladh

**Cás 5**
Roinneadh postáil mhagúil ar ardán comhroinnte físeán agus cuireadh in iúl le lipéad go soiléir gur aoir nó cleas atá ann. Tuigeann roinnt daoine gur jóc atá ann, ach cailleann daoine eile an lipéad agus creideann siad go bhfuil sé fíor.

☐ **Mífhaisnéis** ☐ **Bréagaisnéis** ☐ **Níl an t-eolas bréagach**

Mínigh do rogha:

---

An raibh an bhunphostáil ag iarraidh an dallamullóg a chur ar dhaoine? ☐ Bhí ☐ Ní raibh

***

**STOP AGUS SMAOINIGH**

Freagair na ceisteanna i bhfoirm abairtí iomlána.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach smaoineamh faoin rún agus cinneadh á dhéanamh agat an mífhaisnéis nó bréagaisnéis atá i gceist le rud?

---

---

2. An bhfuil mífhaisnéis fós in ann fadhbanna a chruthú, fiú amháin mura raibh sé i gceist ag duine ar bith daoine eile a chur amú? Mínigh do fhreagra.

---

---

**Cuimhnigh**
Is féidir le heolas bréagach, cé acu má scaiptear d'aon turas nó trí thimpiste é, díobháil a dhéanamh. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach stopadh, smaoineamh agus seiceáil – fiú amháin má thagann an teachtaireacht ó dhuine éigin a bhfuil muinín agat ann.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #4

## CUARDACH FOCAL

Tá an cuardach focal seo lán le focail a bhaineann le heolas bréagach.
An bhfuil tú in ann teacht orthu ar fad? Tá focal sa bhreis ann nach bhfuil ar an liosta.

Leid: *Tá sé seo ag teastáil sula gcreideann tú rud éigin agus sula roinneann tú é.*

- FÍRIC
- TUAIRIM
- MÍFHAISNÉIS
- BRÉAGAISNÉIS
- CLICMHEALLADH
- FOINSE
- CEANNLÍNE
- ROINN
- SEICEÁIL
- FÍRINNE
- COMHTHÉACS
- RÁFLA
- DEARBHAIGH
- MAÍGH
- CLAONADH
- IONTAOIBH
- ALGARTAM
- CURTHA IN EAGAR
- MÍTHREORACH
- ATHRÁ
- ?

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Z | N | A | C | E | A | N | N | L | Í | N | E | Q | G | O | U | A |
| Z | S | V | B | R | I | N | T | I | E | B | V | R | U | C | A | D |
| D | L | I | Á | E | C | I | E | S | D | J | B | F | Í | R | I | C |
| I | I | V | É | G | A | O | Z | U | K | Q | R | A | H | Z | Q | Z |
| G | S | M | J | N | H | R | D | E | A | T | T | I | G | A | Y | H |
| T | D | V | A | X | S | Z | Y | E | K | O | U | A | I | P | Y | D |
| C | N | F | R | T | N | I | S | D | V | F | A | P | A | P | A | A |
| S | A | L | R | L | R | N | A | T | M | M | I | D | H | D | D | L |
| R | P | L | B | H | I | A | I | G | H | S | R | U | B | V | W | L |
| U | U | Y | F | O | H | R | G | V | A | Y | I | R | R | Q | E | A |
| T | L | V | F | Á | T | H | T | L | A | É | M | E | A | S | S | E |
| A | O | R | Z | E | R | G | Y | K | A | I | R | E | E | Z | K | H |
| P | I | F | F | K | A | Í | I | R | I | K | C | B | D | A | N | M |
| H | K | O | O | S | C | A | É | H | T | H | M | O | C | H | K | C |
| R | S | U | N | B | I | M | C | D | G | Z | C | F | J | C | N | I |
| X | H | M | M | T | D | V | W | B | Y | B | L | B | U | A | P | L |
| S | J | X | I | R | A | G | A | E | N | I | A | H | T | R | U | C |
| F | U | J | D | X | Q | O | G | Q | E | I | O | P | Q | O | Q | X |
| T | Í | F | I | A | N | A | I | S | E | C | N | F | V | E | V | D |
| Z | Y | R | J | Z | V | U | R | B | I | E | A | J | R | R | G | I |
| H | Z | F | I | M | A | Q | Q | C | H | S | D | Á | R | H | T | A |
| O | N | V | N | N | Q | S | U | O | I | F | H | D | O | T | Z | U |
| Z | T | S | I | É | N | S | I | A | H | F | Í | M | T | Í | T | E |
| R | A | N | H | F | Z | E | O | V | B | F | B | O | W | M | W | Q |

**CUIMHNIGH**

Ní scaiptear eolas bréagach ach amháin nuair a roinneann daoine é.
Cabhraigh leat féin smacht a choinneáil ar an méid a chreideann tú agus ar an méid a roinneann tú – moilligh, seiceáil na foinsí agus smaoinigh go cúramach.

©News Mag Media 2026

# Na Freagraí

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Z | N | A | C | E | A | N | N | L | Í | N | E | Q | G | O | U | A |
| Z | S | V | B | R | I | N | T | I | E | B | V | R | U | C | A | D |
| D | L | I | Á | E | C | I | E | S | D | J | B | F | Í | R | I | C |
| I | I | V | É | G | A | O | Z | U | K | Q | R | A | H | Z | Q | Z |
| G | S | M | J | N | H | R | D | E | A | T | T | I | G | A | Y | H |
| T | D | V | A | X | S | Z | Y | E | K | O | U | A | I | P | Y | D |
| C | N | F | R | T | N | I | S | D | V | F | A | P | A | P | A | A |
| S | A | L | R | L | R | N | A | T | M | M | I | D | H | D | D | L |
| R | P | L | B | H | I | A | I | G | H | S | R | U | B | V | W | L |
| U | U | Y | F | O | H | R | G | V | A | Y | I | R | R | Q | E | A |
| T | L | V | F | Á | T | H | T | L | A | É | M | E | A | S | S | E |
| A | O | R | Z | E | R | G | Y | K | A | I | R | E | E | Z | K | H |
| P | I | F | F | K | A | Í | I | R | I | K | C | B | D | A | N | M |
| H | K | O | O | S | C | A | É | H | T | H | M | O | C | H | K | C |
| R | S | U | N | B | I | M | C | D | G | Z | C | F | J | C | N | I |
| X | H | M | M | T | D | V | W | B | Y | B | L | B | U | A | P | L |
| S | J | X | I | R | A | G | A | E | N | I | A | H | T | R | U | C |
| F | U | J | D | X | Q | O | G | Q | E | I | O | P | Q | O | Q | X |
| T | Í | F | I | A | N | A | I | S | E | C | N | F | V | E | V | D |
| Z | Y | R | J | Z | V | U | R | B | I | E | A | J | R | R | G | I |
| H | Z | F | I | M | A | Q | Q | C | H | S | D | Á | R | H | T | A |
| O | N | V | N | N | Q | S | U | O | I | F | H | D | O | T | Z | U |
| Z | T | S | I | É | N | S | I | A | H | F | Í | M | T | Í | T | E |
| R | A | N | H | F | Z | E | O | V | B | F | B | O | W | M | W | Q |

©News Mag Media 2026